# ‘Ár bPolasaí Scoilphobail’

**Treoirleabhar do Bhunscoileanna agus d’Iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge d’Fhorbairt an Scoilphobail**

**Curtha in eagar do Gaelscoileanna Teo. ag Mait Ó Brádaigh**



**Leagan Shamhain 2013**

Gaelscoileanna

Urraithe ag
Foras na Gaeilge



# Brollach

Ag glacadh leis gur cur chun cinn sár-oideachais trí mheán na Gaeilge an príomhdhualgas atá ar na scoileanna lán-Ghaeilge ag an mbunleibhéal agus ag an iarbhunleibhéal, ardaítear an cheist, cén ról atá nó ba cheart a bheith ag na scoileanna lán-Ghaeilge i bhforbairt phobal na Gaeilge thart timpeall ar an scoil.

Is minic a fheictear an scoil lán-Ghaeilge mar núicléas agus mar bhunchloch an phobail, ach an bhfuil sé réadúil a cheapadh go mbeadh ról ag na scoileanna lán-Ghaeilge sa phleanáil teanga áitiúil agus b'fhéidir ar bhonn náisiúnta? Cén meon atá i measc príomhoidí agus a gcuid pobal maidir leis an ról ba chóir nó nár chóir a bheith acu i bhforbairt na teanga lasmuigh de gheataí na scoile? Má ghlacann pobal na scoile leis go bhfuil ról acu i bhforbairt na teanga lasmuigh den scoil, cad iad na deiseanna, na buntáistí agus na bearnaí atá ann chun an sprioc sin a bhaint amach?

Ba iad na ceisteanna thuas, go príomha, a spreag forbairt an treoirleabhair seo, Ár bPolasaí Scoilphobail. Is ceisteanna ábhartha iad le blianta fada, ach anois le béim leagtha an athuair ar an bpleanáil teanga i dtaobh na Gaeilge, dírítear an aird ar ról na scoileanna lán-Ghaeilge ann. Sa bhliain 2005 foilsíodh , 'Ár bPolasaí Gaeilge' de chuid **Gaelscoileanna Teo.** do na bunscoileanna lán-Ghaeilge. Aithníodh ag an am nach leor a cheapadh go bhfuil Gaeilge ag gach scoil lán-Ghaeilge agus nár mhór treoracha a liostáil agus dea-chleachtais a bhailiú agus a chomhroinnt le go bhféadfaí plean a chur le chéile ar leibhéal na scoile d'fhorbairt agus d'fheidhmiú polasaí láidir Gaeilge i ngach gné d'obair agus de chur chuige na scoile. Anois, mar fhorbairt pleanála teanga eile, tá **Gaelscoileanna Teo.** ag díriú ar an scoilphobal ina iomláine, ní hamháin timpeallacht agus lá oibre na scoile ach an t-iomlán – an tslí a bhfuil an pobal, an pobal Gaeilge, na tuismitheoirí, na scoláirí, na múinteoirí agus eile fite fuaite lena chéile agus gur 'ar scáth a chéile' a mhairimid.

Polasaí scoilphobail atá anseo, ach ní sheasann an saothar leis féin ach in éineacht le treoirleabhair eile de chuid Gaelscoileanna Teo.; 'Ár bPolasaí Gaeilge don Bhunleibhéal' - a bhfuil leagan uasdátaithe de á fhoilsiú i láthair na huaire, 'Ár bPolasaí Gaeilge don Iarbhunleibhéal' - atá á fhorbairt agus 'Treoirleabhar Margaíochta don Réamhscolaíocht, Bunscolaíocht agus Iarbhunscolaíocht lán-Ghaeilge (i gcomhar le Forbairt Naíonraí Teo.)'.

Foilsítear an treoirleabhar i gcomhthráth le cur i gcrích na n-ullmhúchán i dtaca le cur i bhfeidhm na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030, straitéis a leagann béim ar ról na scoileanna i gcur chun cinn na teanga sna pobail éagsúla.

Is ríshoiléir dúinn go bhfuil dea-chleachtas den scoth le feiceáil agus á chur i bhfeidhm go tréan sna scoileanna lán-Ghaeilge ag an mbunleibhéal agus ag an iarbhunleibhéal, lasmuigh agus laistigh den Ghaeltacht, agus is iarracht atá anseo cuid de sin a chur i láthair, agus thar aon rud eile, scoileanna a spreagadh le páirt ghníomhach a ghlacadh san fhorbairt seo. Ba mhór ag an eagraíocht cur lenár dtuiscint ar an dea-chleachtas atá amuigh ansin le gur féidir linn ardán a thabhairt dó agus scoileanna a spreagadh le dea-chleachtas a roinnt lena chéile agus le cur leis na féidearthachtaí. Déanfaidh an eagraíocht an dea-chleachtas a roinnt le mórphobal na scoileanna lán-Ghaeilge tríd an tseirbhís nuachta, agus trí sheirbhís eolais ar fhorbairt an scoilphobail ag www.gaelscoileanna.ie.

Thar ceann **Gaelscoileanna Teo.** agus thar ceann na scoileanna ar fad a bhainfidh leas as ábhar spreagtha an treoirleabhair seo, is mian linn buíochas mór a ghlacadh le baill an fho-choiste ar fhorbairt an scoilphobail a bhí i mbun treorú agus dréachtú téarmaí tagartha agus an próiseas a bhain le spreagadh an treoirleabhair seo. Ba mhaith linn tréaslú le Mait Ó Brádaigh a chuir le chéile dúinn é. Táimid an-bhuíoch de Mhait as a shaintuiscint ar an bpleanáil teanga agus ról na scoile lán-Ghaeilge ann a roinnt linn tríd an treoirleabhar seo agus táimid an-bhuíoch as an obair mhór a rinne sé i bhforbairt, bailiú agus anailís ar na suirbhéanna a bhí mar bhunchloch na hoibre seo.

Thar ceann an eagarthóra, is mian linn an deis a thapú buíochas mór a ghabháil le gach duine a chuir stró agus dua orthu féin suirbhé fada ar líne a líonadh isteach chun go mbeadh an treoirleabhar seo ann. Is mór againn bhur gcúnamh agus bhur dtoilteanas a bheith rannpháirteach san fhorbairt seo. Soiléiríonn an t-aiseolas dearfach ó na suirbhéanna go bhfuil dea-chleachtas, díograis agus meon dearfach ann i dtaobh chur chun cinn na Gaeilge i bpobal iomlán na scoile.

Cuireann sé an-áthas orainn go bhfuil an treoirleabhar seo á fhoilsiú. Feictear dúinn gur próiseas leanúnach atá i bhforbairt an treoirleabhair seo agus i bhforbairt an scoilphobail. Tá coincheapa teibí i gceist le forbairt scoilphobail, lena n-áirítear céard is scoilphobal ann. Beidh tuairimí agus teoiricí éagsúla ann, agus is maith ann iad chun muid a spreagadh agus a ghríosú chun gnímh. Tá súil againn go mbeidh ábhar spreagtha ann daoibh agus iarraimid oraibh súil a choinneáil ar www.gaelscoileanna.ie, áit a ndéanfar nuashonrú leanúnach ar an treoirleabhar seo de réir na moltaí ar dhea-chleachtas a thagann chun cinn.

Máirín Ní Chéileachair, Uachtarán, **Gaelscoileanna Teo.** agus Yvonne Ní Mhurchú, Cathaoirleach,
Fo-choiste Forbairt Scoilphobail
Samhain 2013

# Clár


**Réamhrá** .......... 06

**Cad Chuige Cúrsaí Scoilphobail?** .......... 07

- An Ghaeilge .......... 07
- Sár-Oideachas agus an Dátheangachas Suimíoch .......... 07
- An Pobal .......... 07
- An Comhthéacs Reatha .......... 08
- Éascú: Ról Ceannasaíochta na Scoile .......... 08
- Tumoideachas agus Ardchaighdeáin a éileamh in Imeachtaí iar-am-scoile – Abhcóideacht .......... 09

**Na Dea-Chleachtais** .......... 09

- Comhtháthú le Polasaí Gaeilge na Scoile: Bord Bainistíochta .......... 09
- Ról an Phríomhoide – Éascú, Abhcóideacht agus Measúnú .......... 09
- Na Múinteoirí féin agus an Ghaeilge .......... 10
- An Fhoireann Chúnta .......... 11
- Daoine eile le Líofacht sa Ghaeilge .......... 11
- Cuairteoirí eile .......... 11
- Imeachtaí Scoilphobail laistigh d'am scoile .......... 11
  1. Bunscoileanna
  2. Iarbhunscoileanna
- Turais Scoile .......... 12
- Imeachtaí Idirscoile .......... 12
- An Nasc idir an Naíonra agus an Bhunscoil .......... 12
- An Bhunscoil agus an Dara Leibhéal .......... 12
- Imeachtaí do na daltaí sa scoil féin tar éis am scoile .......... 13
- Imeachtaí do Dhaoine Fásta sa Scoil féin .......... 13
- Tuismitheoirí agus Páistí le Chéile .......... 14
- Imeachtaí Cásca agus Samhraidh .......... 14
- Na Meáin Ghaeilge .......... 14
- Suíomh Gréasáin **Gaelscoileanna Teo.** .......... 14
- Suíomh Gréasáin na Scoile, Nuachtlitreacha agus Cumarsáid .......... 15
- Imeachtaí Lasmuigh den Scoil ar fad – Eagrais tacaíochta .......... 15
  1. Imeachtaí don Óige
  2. Imeachtaí do Dhaoine Fásta
- Diminsean Gaeilge in Imeachtaí an Mhórphobail .......... 15
- Cúnamh ón Taobh Amuigh .......... 15

**Críoch** .......... 16

**Aguisín A: Torthaí Shuirbhé 2012** .......... 17

**Aguisín B: Tagairtí agus Acmhainní** .......... 19

## Réamhrá

Aithníonn **Gaelscoileanna Teo.** uathúlacht gach scoile idir ilchineálacht, shainriachtanais agus shaincháilíochtaí, faoi mar a shonraítear in 'Ár bPolasaí Gaeilge'. Déantar iarracht, dá réir, freastal ar gach scoil sa treoirleabhar seo. Tuigimid go bhfuil obair scoilphobail ar siúl i ngach áit agus ba chuige sin a cuireadh suirbhé ar bun i bhfómhar na bliana 2012. Úsáideadh an suirbhé sin leis na dea-chleachtais uile a bhailiú le chéile le go roinnfí iad ar chách agus go leathnófaí na buntáistí agus moltaí d'fhéidearthachtaí.

Sna leathanaigh tosaigh, leagtar amach an ceangal agus an tábhacht atá leis an nGaeilge, an sár-oideachas agus an dátheangachas suimíoch a nascadh le cúrsaí scoilphobail agus gur fearr a éiríonn linn má thuigimid nach i bhfolús atáimid ag feidhmiú mar scoil, ach i lár ár bpobail, in éineacht lenár bpobail agus trínár bpobail. Cosúil le haon ghné eile de shaol ár scoileanna, ní bhíonn an rath ann mura mbíonn an plean, an t-ullmhúchán, an polasaí nó an treoir ann agus is amhlaidh an scéal anseo.

Glactar leis go coitianta anois gurb iad na critéir a bhaineann le measúnú ar aon ghníomhaíocht chun teanga ar nós na Gaeilge a chur chun cinn ná 'Cumas' agus 'Úsáid' – an gcuireann sé le cumas daoine sa teanga? An dtagann méadú ar líon agus ar chaighdeán na húsáide? Tá an téama seo le brath go láidir sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030, polasaí an rialtais i leith na Gaeilge. Is sa chomhthéacs seo a leagaimid amach na dea-chleachtais a cuireadh ar fáil.

Tuigimid an t-ualach oibre atá ar cheannasaithe na scoileanna agus feictear dúinn go dtreisíonn sár-iarrachtaí scoilphobail sár-oideachas. Ról na ceannasaíochta is ea imeachtaí a éascú, tacú leo, iad a mheas agus abhcóideacht a dhéanamh leis an lucht eagrúcháin ar son na scoláirí agus na dtuismitheoirí.

Mar dhá fhocal scoir, moltar, agus polasaithe scoilphobail á bhfaomhadh ag boird bhainistíochta amach anseo, nach miste mír rialta a choimeád ar an gclár cruinnithe i leith an ábhair seo. Chomh maith leis sin, ba mhaith an rud é dá gcoinneofaí ar intinn gur próiseas atá sa treoirleabhar seo, a mbeidh leaganacha uasdátaithe de á gcur go rialta ar shuíomh gréasáin **Gaelscoileanna Teo.** de réir mar a thagann tuilleadh dea-chleachtais chugainn.



## Cad chuige Cúrsaí Scoilphobail?

## An Ghaeilge

'Is í an Ghaeilge bunchloch na scoileanna'– (Ár bPolasaí Gaeilge). Teanga bheo bheathaíoch atá sa Ghaeilge a bhaineann le gach uile ghné den saol. Freastalaíonn ár scoileanna ar an mórphobal ar fad. Comhoibrímid lenár gcomheagraíochtaí Gaeilge mór-aidhmeanna i leith chur chun cinn na Gaeilge mar theanga inmharthana phobail a chur i gcrích.

Aithnímid, freisin, go bhfuil cúinsí faoi leith sochtheangeolaíochta ag baint le Gaeilge, ina measc, mar shampla, go bhfuil sí faoi bhrú mar theanga phobail i ngach slí, go bhfuil tacaíocht áirithe stáit aici agus go bhfuil tuismitheoirí ann a fhéachann chuige a gcuid páistí a thógáil le Gaeilge i ngach aon chearn den tír. Mairimid i ndomhan atá ilteangach agus aithnímid buntáistí an ilteangachais agus an tsaibhris teanga. Aithnímid an Ghaeltacht agus a tábhacht. Tuigimid go sainmhínítear anois í ina catagóirí A-C agus na himpleachtaí a ghabhann leis sin.

## Sár-Oideachas agus an Dátheangachas Suimíoch

Is é aidhm ár scoileanna lán-Ghaeilge, sa Ghaeltacht agus lasmuigh di, sár-oideachas a chur ar fáil dár ngasúir uile, trí mheán na Gaeilge. Sa mhéid go bhfuil dhá theanga i gceist – Gaeilge agus Béarla – is dátheangachas suimíoch ár gcur chuige. Ciallaíonn seo go gcuireann an tréimhse scolaíochta le cumas an ghasúir sa dá theanga. Taithí shuimíoch, seachas dealaitheach, ba mhian linn a bheith ag an ngasúr. Ní hamháin go dtagann cumas sa teanga chuig an ngasúr, mura raibh seo aige/aici ag tosú amach, ach tógtar an cumas is saibhrítear é go síoraí agus go leanúnach le linn dó/di bheith ar scoil.

Deir Ár bPolasaí Gaeilge:

*Caithfidh dóthain teagmhála a bheith ag páistí sna gaelscoileanna leis an nGaeilge chun cúiteamh a dhéanamh ar cheannasaíocht an Bhéarla le go mbainfidh siad dátheangachas suimíoch amach.*

Teastaíonn teagmháil leis an bpobal Gaeilge, idir mhéid agus cháilíocht, leis an gcúiteamh sin a bhaint amach. Tugann an caidreamh pobail sin le páistí eile, le tuismitheoirí agus le daoine eile, trí Ghaeilge, cumas teanga, féinmhuinín agus treisiú san fhéiniúlacht don pháiste. Ní hamháin go láidrítear na gnéithe sin ach láidrítear freisin gach buntáiste a bhaineann leis an tumoideachas, ina measc, an chaoinfhulaingt. Is fiú go mór d'fhoireann na scoile agus do thuismitheoirí, mar sin, cur leis an sár-oideachas tríd an oiread béime is féidir a leagan ar ghné an phobail.

## An Pobal

Eascraíonn an ghaelscoil as a pobal agus cothaíonn sí a pobal. Mairimid i bpobail Ghaeilge den uile shaghas, fiú uaireanta cúpla saghas in éineacht. Seachas roinnt ceantar Gaeltachta, is mionlach an sciar den phobal a labhraíonn Gaeilge go laethúil sa phobal. Fós féin tá a lán Gaeilge ag an bpobal, bíodh sin ina húsáid ghníomhach nó ina tuiscint éighníomhach. Idir thuaidh agus theas, deir dhá mhilliún duine go bhfuil Gaeilge acu agus 12% de phobal an deiscirt go bhfuil Gaeilge réasúnta líofa acu nó níos fearr. Deir 30% go bhfuil an Ghaeilge tábhachtach dóibh go pearsanta. An rud is suntasaí faoin staitistic seo ná go léiríonn sé meon dearfach i leith na teanga agus go dteastaíonn ón bpobal sin go n-aithneofar iad mar shaoránaigh atá tacúil agus báúil ó thaobh na Gaeilge de. De réir staitisticí Gaelscoileanna Teo. is 8% de pháistí an deiscirt atá i scoileanna lán-Ghaeilge. Labhraíonn gar do 100,000 duine Gaeilge go laethúil lasmuigh den chóras oideachais. Cé gur figiúr íseal go maith é an líon páistí atá á dtógáil le Gaeilge sa bhaile, lasmuigh den Ghaeltacht, go hidéalach, is é ár mian go mbeadh gach tacaíocht á cur ar fáil do theaghlaigh, lasmuigh agus laistigh den chóras foirmiúil oideachais, a dteastaíonn uathu páistí a thógáil le Gaeilge le go méadófar ar líon na dteaghlach lán-Ghaeilge sa tír. Anuas ar na daoine le cumas agus orthusan a úsáideann í go laethúil nó go rialta, tá na heagrais Ghaeilge ann, lena mbaill, lena n-oibrithe deonacha agus lena bhfostaithe. Anuas orthusan arís, tá 25% eile den phobal ann a deir go bhfuil Gaeilge éigin acu agus, in éineacht leis an 93% atá i bhfách leis an teanga, ciallaíonn seo go bhfuil dea-thoil agus eolas éigin ar an nGaeilge ann go fairsing. Baineann an Ghaeilge le gach aoisghrúpa ón gcliabhán ar aghaidh.

'Gaeltacht' bheag í gach gaelscoil agus go minic an t-aon 'Ghaeltacht' sa mhórphobal áitiúil. Cosúil le haon phobal eile, bíonn idirghníomhú ar siúl leis an mórphobal go síoraí seasta agus daoine ag bualadh le chéile, cé gur ar bhonn gnó, nó gnó tuismitheora, an teagmháil seo de ghnáth. Aithnímid ár ról mar "Ghaeltacht' inár gceantair.

## An Comhthéacs Reatha

Feidhmíonn scoileanna lán-Ghaeilge, Gaeltacht san áireamh, ag pointe ama ina bhfuil tábhacht úsáid na Gaeilge lasmuigh den scoil luaite agus béimnithe i straitéisí agus in achtanna rialtais. Tá cumas na ndaoine sa teanga agus úsáid na teanga tomhaiste ar bhealaí difriúla. Chomh maith leis sin, tá córas agus bonneagar tacaíochta ann trí eagraíochtaí Gaeilge atá ag feidhmiú go forleathan sa tír. Luaimid go háirithe:

- An tAcht Oideachais, (1998). Aithnítear ról na scoile i gcur chun cinn na Gaeilge sa mhórphobal. Beidh aird ag lucht oideachais ar fad ar chuspóir an Achta "cuidiú le réadú beartas agus cuspóirí náisiúnta i ndáil le leathadh an dátheangachais i sochaí na hÉireann agus go háirithe go mbainfí úsáid níos mó as an nGaeilge ar scoil agus sa phobal" (Alt 6(i)).

- Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030. Aithnítear sa díospóireacht an tábhacht naisc a chruthú le húsáid na teanga lasmuigh den seomra ranga, go bhfuil sé "thar a bheith riachtanach beocht a chur sa Ghaeilge lasmuigh den seomra ranga i gcás na ndaoine óga atá á foghlaim sa chóras oideachais foirmiúil. Má táthar le cultúr agus féiniúlacht don óige agus a gcineálacha cuí Gaeilge a chothú, caithfear deiseanna a chur ar fáil le go n-úsáidfear an teanga go nádúrtha" (lch 12).

- Critéir Pleanála Teanga (9/2013). Sonraítear dualgas a bheith ar na scoileanna i dtaobh na Gaeilge sa phobal ag na trí chineál ceantair – Limistéir Pleanála Teanga Gaeltachta, Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus Líonra Gaeilge: "Beartais teanga chuí a bheith ann laistigh den timpeallacht scoile a thacaíonn le húsáid na Gaeilge mar theanga labhartha lasmuigh den chóras oideachais sa limistéar iomchuí." Ionstraim Reachtúil Uimh. 357 de 2013. Codanna 1, 2 agus 3 den Sceideal.

- Acht Gaeilge ó thuaidh (Níl ann dó, ach tá sé á éileamh go leanúnach ag an eagras Pobal agus ag pobal na Gaeilge).

- Torthaí Taighde agus Daonáirimh: Tá léirithe arís agus arís eile go bhfuil cumas i measc an mhórphobail sa Ghaeilge agus go n-úsáidtear an teanga (Idir mhéid agus cháilíocht) go pointe áirithe. Tá fáil ar thaighde agus ar dhaonáirimh a thaispeánann treochtaí i dtaobh cumais agus úsáide. Féach Daonáireamh 2011 agus an rannóg taighde ar www.gaelscoileanna.ie.

- Gréasán na nEagras agus na bhForas atá ag saothrú na Gaeilge sa phobal idir dheonach agus stáit, Ghaeltacht agus Ghalltacht. Féach na naisc ar www.gaelscoileanna.ie agus ar www.gaeilge.ie.

## Éascú: Ról Ceannasaíochta na Scoile

Le go mbeidh an oiread deiseanna agus is féidir ag na gasúir saol iomlán a chaitheamh agus a bhlaiseadh trí Ghaeilge, ní mór é sin a éascú agus a eagrú. Níl an pobal lán-Ghaeilge ag geata na scoile mar atá pobal lán-Bhéarla i gcuid mhór d'Éirinn. Ár n-aidhm ná go mbeidh an Ghaeilge á labhairt lasmuigh sna pasáistí, sna clóis, agus ansin, san oiread áiteanna lasmuigh den gheata agus is féidir. Go mbeidh sí á labhairt ní hamháin le linn am scoile agus ina dhiaidh, ach leis an iliomad saghsanna cainteoirí Gaeilge, idir óg agus aosta. Aithnímid nach féidir linn seo ar fad a eagrú linn féin ach táimid, mar phríomhoidí, mar mhúinteoirí agus mar lucht bainistíochta in ann é seo ar fad a éascú, i slí ghníomhach, agus tacú leis ar gach uile bhealach.

Is é 'sár-oideachas' a bhaint amach aidhm ár scoileanna agus ní hamháin nach gcuireann béim ar thábhacht an phobail as don 'sár-oideachas', is féidir go bhfuil an bhéim ar thábhacht an phobail bunúsach don 'sár-oideachas'.

Feiceann foirne na scoileanna mar dhualgas orthu féin mar sin gach deis a thabhairt do na páistí an cultúr a bhlaiseadh taobh amuigh den scoil trí thurais Ghaeltachta, drámaí Gaelacha agus féilte Gaelacha a sholáthar dóibh (Ár bPolasaí Gaeilge).

Ciallaíonn 'éascú gníomhach' dea-shampla a thaispeáint, ról lárnach ghné an phobail a mheabhrú do phobail éagsúla na scoile, béim a leagan ar na dea-chleachtais thíosluaite nuair atáthar ag plé le pobail éagsúla na scoile, comhoibriú leis na heagrais Ghaeilge, caighdeáin arda tumoideachais agus cúraim a choinneáil agus teagmháil rialta a chothú.

### Tumoideachas agus Ardchaighdeáin a éileamh in Imeachtaí iar-am-scoile – Abhcóideacht

Agus sár-oideachas á lorg againn ní mór a éileamh go bhfuil na caighdeáin chéanna tumoideachais uainn in imeachtaí scoilphobail is atá inár scoileanna. Ba cheart na hardchaighdeáin seo a lorg ó fhéilte, ó eagrais Ghaeilge, óige nó eile, in imeachtaí do dhaoine fásta, agus eile. Nuair atá sé soiléir gur Gaeilge amháin an teanga réamhshocraithe d'imeacht ar leith, cuidíonn sé seo go mór le daoine óga mar go ngearrtar amach an piarbhrú Béarla a labhairt.

Tá cáilíocht na n-imeachtaí scoilphobail thar a bheith lárnach dúinn. Má tá cúrsaí scoilphobail á n-éascú, tarlaíodh siad ar bhealach atá sásúil. Mura dtarlaíonn cuirtear an 'sár-oideachas' i mbaol. Cuid den 'éascú' é, mar sin, an abhcóideacht le lucht eagraithe imeachtaí scoilphobail inár gceantair. Ba mhaith linn go ndéanfaí freastal ar ár bpáistí, ár dtuismitheoirí, ár múinteoirí agus ár bhfoirne cúnta agus go mbeadh an freastal seo den chaighdeán is airde.

## Na Dea-chleachtais

Eascraíonn cuid mhór de na dea-chleachtais agus na treoracha thíos ó shuirbhé a rinne Gaelscoileanna Teo. le linn scoilbhliain 2012/13 i measc príomhoidí, múinteoirí agus bhaill na mbord bainistíochta agus ó cheardlann eolais inar tugadh deis don phobal moltaí ar an dea-chleachtas a chomhroinnt. Tá an bhéim thíos ar an bpraiticiúlacht agus ar fhéidearthachtaí réadúla.

Aithnímid tábhacht an leanúnachais sa tumoideachas, ón scoil go dtí an clós agus ansin amach geata na scoile chuig na himeachtaí iar-am-scoile.

### Comhtháthú le Polasaí Gaeilge na Scoile: Bord Bainistíochta

Moltar tagairtí láidre a bheith sa pholasaí Gaeilge do thábhacht labhairt na teanga lasmuigh den scoil. Bíodh sé soiléir ann cén nósmhaireacht agus cleachtas teanga ba cheart do mhúinteoirí agus don fhoireann chúnta a leanúint lasmuigh den scoil eatarthu féin agus le scoláirí agus iarscoláirí, go háirithe, ach le tuistí agus le hiarthuistí freisin.

Ní miste crostagairt a dhéanamh don treoirleabhar seo, i bpolasaí Gaeilge na scoile, nó do ghnéithe ann a bhaineann go hábhartha leis an scoil. Ag cruinnithe den bhord bainistíochta ba chóir mír a bhaineann le cúrsaí scoilphobail a bheith ar an gclár mar mhír sheasta. Is anseo freisin a phléitear cúrsaí scoilphobail a bhaineann le pleanáil na Gaeilge go háitiúil ar son aon choiste nó aon fhóraim Gaeilge áitiúil a mbíonn an scoil ag tacú leis. Má tá próiseas pleanála teanga áitiúil ar siúl pléitear ag cruinnithe de bhoird bhainistíochta é. Fiú mura mbeadh aon phlé ar leith le déanamh faoin mhír áirithe seo ag gach cruinniú boird, rachadh sé i bhfeidhm go dearfach ar nósmhaireacht an bhoird plé go gníomhach leis an gceist de réir a chéile. Moltar an cur chuige céanna a ghlacadh ar chlár cruinnithe foirne.

### Ról an Phríomhoide – Éascú, Abhcóideacht agus Measúnú

Cosúil le go leor eile i saol scoile is faoin bpríomhoide a thiteann sé treoir a thabhairt. Ciallaíonn abhcóideacht agus éascú gur cheart dea-shampla a thabhairt i gcónaí agus an deis, mar cheannasaí, a thapú béim leanúnach a leagan ar thábhacht cúrsaí scoilphobail leis an bhfoireann, leis an mbord bainistíochta agus le tuismitheoirí, go háirithe, trí choiste na dtuistí agus i nuachtlitreacha. Ba cheart freisin cinnireacht a léiriú do na hardranganna trí éascú a dhéanamh ar dheiseanna chun an teanga a úsáid lasmuigh den rang agus trína mheabhrú do na scoláirí leas a bhaint iad féin as gach seans Gaeilge a labhairt.

Ba cheart freisin don phríomhoide fiúntas an fhuinnimh, atáthar ag caitheamh le cúrsaí scoilphobail, a mheas go rialta. Is fearr seo a dhéanamh trí gach tionscnamh a scrúdú ar leithligh. Arís is é cur chun cinn 'cumais' agus 'úsáide' na slata tomhais don mheasúnú.

Thíosluaite tá réimsí uile cúrsaí scoilphobail agus baineann éascú, ó thaobh na ceannasaíochta de, leo uile.

## Na Múinteoirí féin agus an Ghaeilge

*'Caithfear teacht ar mhúinteoirí den scoth .........a fheiceann an dúshlán atá orthu an Ghaeilge a leathnú mar theanga labhartha cumarsáide' (Ár bPolasaí Gaeilge).*

*'An dtuigeann múinteoirí ......go bhfuil níos mó i gceist ná díreach múineadh agus go bhfuil siad mar chuid de ghluaiseacht chun an teanga a neartú?' (Freagróir i Suirbhé 2012)*

Thar aon ní eile, ní mór don oide dea-shampla a léiriú i gcúrsaí scoilphobail. Is gá do mhúinteoirí a bheith 'seasmhach ina gcuid oibre chun sainmheon na gaelscolaíochta a bheathú' (Ár bPolasaí Gaeilge). Féach thuas an gá go mbeadh sé soiléir i bpolasaí Gaeilge na scoile cén cleachtas teanga atá ann lasmuigh den scoil idir na baill foirne féin, le hiarscoláirí, etc. D'fhonn ardú meanma a spreagadh i measc foirne scoile eagraítear ócáidí sóisialta do na hoidí istoíche nó san iarnóin. Is maith ann iad ó thaobh cúrsaí scoilphobail de sa mhéid go dtugtar an Ghaeilge amach as an scoil agus go mbíonn deis ag múinteoirí sóisialú lena chéile, múinteoirí, b'fhéidir, nach ndearna seo riamh trí Ghaeilge.

Tá gá feasacht teanga a spreagadh sna múinteoirí trí oiliúint réamhsheirbhíse agus inseirbhíse agus i gcruinnithe foirne. Maidir le cumas Gaeilge againn féin, is gá é a bheathú i gcónaí, rud a chiallaíonn go gcuirtear lenár bhfoclóir, go ndéantar iarracht barr feabhais leanúnach a chur ar chumas sa teanga. Baineann seo linn uile, fiú na cainteoirí dúchais. Éistimis leis na meáin, breathnaímis orthu, léimis iad, ceannaímis iad, tugaimis aiseolas dóibh le go bhfeabhsóidh siad tuilleadh.

Chomh maith leis sin, mar mhúinteoirí, ba cheart freastal ar ócáidí agus ar mhór-imeachtaí Gaeilge, nó roinnt de na hócáidí sin, go rialta. Ba mhaith go mór cabhair na n-eagras Gaeilge a fháil i gcúrsaí scoilphobail ach oibríonn seo an bealach eile leis – bímis ag freastal ar dhrámaí, ar fhéilte, ar éigsí, ar oireachtais, a eagraíonn na heagrais.



## An Fhoireann Chúnta

I dtosach, más féidir ar chor ar bith é, ba mhaith an rud é dá mbeadh nósmhaireacht labhairt na Gaeilge acu ar fad, go háirithe iadsan atá i dteagmháil leis na scoláirí – rúnaithe, cúntóirí riachtanas speisialta, cúntóirí spóirt, múinteoirí ceoil, damhsa, etc. Is gá seo le *'nach gcuirfí aon bhac ar thimpeallacht iomlán Ghaelach a chruthú taobh istigh de gheataí na scoile'* (Ár bPolasaí Gaeilge). Nuair a bhaintear seo amach is féidir an chéad chéim eile a thógáil ansin – breis cabhrach a thabhairt chun cúrsaí scoilphobail trí Ghaeilge a neartú.

Dar ndóigh, baineann gach a bhfuil ráite thuas maidir le 'Múinteoirí' leis an bhfoireann chúnta.

## Daoine eile le Líofacht sa Ghaeilge: Tuismitheoirí, Séiplínigh, Iarscoláirí, Baill den bhord bainistíochta, Iarthuismitheoirí, Bunaitheoirí na scoile agus Gnáthbhaill den Phobal

Is féidir nach mbainimid leath ár ndóthain leasa astu. Duine as gach ochtar ar an meán (ach níos ísle/airde in áiteanna), tá líofacht réasúnta sa Ghaeilge aige nó aici. Ní gá go mbeidís ag stiúradh ná ag eagrú imeachtaí, ach, is cainteoirí eile, seachas na múinteoirí, iad, a théann i bhfeidhm ar ár scoláirí agus muid ag iarraidh an t-easnamh teagmhála a líonadh agus 'cúiteamh a dhéanamh ar cheannasaíocht an Bhéarla' laistigh agus lasmuigh den gheata. Smaoinímis, go minic, cé go mbíonn aithne ag cainteoirí líofa ar a chéile, nach mbíonn a fhios acu Gaeilge a bheith ag an duine eile agus/nó nach mbíonn an nós eatarthu í a labhairt.

Áirítear i measc na ndeiseanna :

- Na cainteoirí líofa áitiúla a chur in aithne dá chéile i gcomhthéacs na scoile ('Gaeltacht' bheag) le go bhfásfaidh nós eatarthu féin Gaeilge a labhairt. Mar shampla, maidin caife a bheith ann dóibh chun scéim, abair, a fhógairt ina mbeidh cainteoirí líofa ag labhairt le ranganna faoina ngairm bheatha nó faoina saol go ginearálta. Aithnítear go bhfuil tábhacht ar leith le go mbíonn cumarsáid sa teanga idir chainteoirí idir na glúnta, agus go mbeadh sé inmholta dá réir seantuismitheoirí na scoile a bhfuil an Ghaeilge ar a dtoil acu a ghríosú le bheirt páirteach i gcur chun cinn theanga na scoile trí chumarsáid dhíreach a dhéanamh leis na daltaí.
- Iarscoláirí ag filleadh ar an mbunscoil agus iad ag fáil taithí oibre agus iad san Idirbhliain. Ní mór, áfach, nósmhaireacht na Gaeilge a shoiléiriú leo i dtús – bíodh sé eatarthu féin nó leis na scoláirí, etc.

## Imeachtaí Scoilphobail laistigh d'am scoile

### (i) Bunscoil:

Socróidh polasaí Gaeilge na scoile an cur chuige atá ag an scoil. Cén rang, mar shampla, a dtagann aoichainteoirí ina láthair, ina dtarlaíonn imeachtaí dátheangacha, nó aonteangacha Béarla (sa chás nach bhfuil dóthain Gaeilge ag cuairteoir). Moltar i scoileanna áirithe nach mbeadh cuairteoir ar bith ag rang, mura bhfuil líofacht réasúnta sa Ghaeilge acu, go dtí, abair, rang a trí nuair atá nós na Gaeilge, agus cumas dá réir, fréamhaithe go maith sa rang.

An dtarlaíonn cuairteanna ar amharclanna, turais eile amach as an scoil, fiú siúlóidí oideachasúla? An dtéitear ar Aifreann/chuig seirbhísí eaglasta dátheangacha, nó aonteangacha Béarla? Is maith ann iad seirbhísí eaglasta lán-Ghaeilge agus ionaid a thugann aire i nGaeilge do dhaltaí ach, uaireanta, is deacair teacht orthu. Féach thíos a thuilleadh maidir le turais.

Is deis iontach é an Lá Spóirt sa samhradh, mar shampla, comhthéacs nua Gaeilge a thabhairt do dhaltaí agus go minic an teaghlach ar fad i láthair.

Ar mhaithe le carthanas éigin, is féidir go n-eagródh ardrang éigin maidin caife scoile agus arís comhthéacs nua a thabhairt don teanga. Baineann go leor dá bhfuil molta, thíos, ar an dara leibhéal leis na hardranganna freisin.
Is gá smaoineamh ar dhaltaí a thagann chuig an ngaeloideachas, ag aois níos sine, ó scoileanna Béarla agus ar an gcabhair a thugann imeachtaí scoilphobail dea-eagraithe dóibh breith i gceart ar an nGaeilge.

### (ii) Iarbhunscoileanna Lán-Ghaeilge:

Arís tá polasaí Gaeilge na scoile lárnach anseo. Seo thíos roinnt féidearthachtaí:

- Deiseanna urlabhraíochta a bheith ag na scoláirí, mar shampla, lucht idirbhliana, ag fóraim scoile,

- Díospóireachtaí scoile le foirne comhdhéanta de dhaltaí ó bhlianta éagsúla. Comórtas inmheánach am lóin, mar shampla. An rud céanna maidir le tráth na gceist.

- Cuairteanna ó chainteoirí áitiúla le líofacht sa Ghaeilge, go háirithe iadsan nach bhfuil an oiread sin níos sine ná na scoláirí mar go dtéann siad i bhfeidhm go mór ar dhéagóirí.

- An t-idirlíon scríofa, is é sin, blaganna, etc. agus téacsáil as Gaeilge.

- An t-idirlíon ó bhéal: podchraoltaí, etc.

- Gearrchúrsaí nó modúil ar fheasacht teanga

- Daltaí a bheith páirteach i gcaidreamh poiblí na scoile – suíomh gréasáin na scoile, etc.

## Turais Scoile chuig Imeachtaí Gaeilge nó Ionaid ina bhfuil freastal trí Ghaeilge

Ar an iarbhunleibhéal, eagraíonn Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge 'Buntáiste Breise don Ghaeilge' le cur ina luí ar dhaltaí scoile go bhfuil an Ghaeilge luachmhar agus poist á lorg ag daoine óga.

Ar shuíomh gréasáin **Gaelscoileanna Teo.** tá liosta d'ionaid a chuireann treoraithe le Gaeilge ar fáil, lena n-áirítear Príosún Chill Mhaigheannáin, Páirc an Chrócaigh, An Gailearaí Náisiúnta Ealaíne, Plainéadlann Ard Mhacha.

Tugann roinnt scoileanna cuairteanna eagraithe ar scoileanna Gaeltachta, fiú fanacht tamall ar lóistín sa cheantar agus dul ar scoil in éineacht le pobal scoile go háitiúil. Tá an scoil Ghaeltachta in ann cuairt a thabhairt ar ghaelscoil sa cheantar uirbeach leis.

## Imeachtaí idirscoile

Is féidir le costas a bheith ag baint leis an ngné seo, cosúil leis na turais. Tá ciste airgid ar fáil in áiteanna dá leithéid agus is fiú seo a fhiosrú. I measc na n-imeachtaí áirítear:

(i) Comórtais dírithe ar an ealaín nó spórt trí mheán na Gaeilge – Scléip, An Fhéile Scoildrámaíochta, Coirm, Féile na hInse, Comórtas Peile Gael-Linn, Comórtas Iomána Kyle Mhic Bhrain, Comórtas Camógaíochta TG4, Imeachtaí Ghaeilge Locha Riach, etc.

(ii) Comhthionscnaimh idir dhá scoil nó níos mó.

(iii) Teacht le chéile Lá an Bhrait Bhuí.

(iv) Bunscoileanna ag déanamh taispeántais dá chéile agus comh-imeacht, céilí mar shampla ag an deireadh.

(v) Iarbhunscoileanna – 'Buntáiste Breise na Gaeilge' thuasluaite. Dáil na nÓg a athbhunú sna cathracha ar na Satharn.

(vi) Seachtain na Gaeilge – deis ag gach scoil, fiú na scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla, teacht le chéile d'imeachtaí idirscoile.

## An Nasc idir Naíonra agus an Bhunscoil

Ba cheart an Naíonra atá faoi dhíon tí gaelscoile a bheith cónasctha an oiread agus is féidir le scoilphobal na gaelscoile. É a bheith mar chuid den chiorcal cumarsáide i dtaobh cúrsaí scoilphobail go háirithe. Cé go mbíonn sé níos deacra, níl fáth ar bith nach mbainfeadh an cur chuige céanna le Naíonraí nach bhfuil ar láthair ghaelscoile. Luaimid anseo an leabhrán *'An Traein: Ag Aistriú ón Naíonra go dtí an Bhunscoil'* (comhfhoilseachán idir **Gaelscoileanna Teo.** agus Forbairt Naíonra Teoranta) mar áis thábhachtach tacaíochta.

## An Bhunscoil agus an Iarbhunscoil

Ar an leibhéal áitiúil, is féidir le **hIarbhunscoil lán-Ghaeilge** an cheantair fáilte a chur roimh ardranganna ghaelscoileanna an cheantair ar mhórán bealaí, d'fhonn a próifíl féin a ardú i measc dhaltaí na bunscoile. Scoil amháin ag an am nó roinnt acu in éineacht.

## Imeachtaí do na scoláirí sa scoil féin tar éis am scoile

(i) Foireann na Scoile i bhfeighil (Múinteoirí nó Foireann chúnta):

- Seó, mír do Scór na nÓg (CLG), Coirm (Gael Linn), an Fhéile Scoildrámaíochta nó ceoldráma á chleachtadh is ansin á léiriú do na tuistí agus don phobal.

- Spórt, tráth na gceist, ceol, damhsa á chleachtadh

- Club Oibre Baile

- Seirbhís iar-aire 5.30 - 6.00 pm.

(ii) Daoine seachtracha i bhfeighil – tá éileamh ann do chuid mhór caitheamh aimsire agus eile, atá eagraithe i ndiaidh am scoile, agus ligtear seomraí scoile ar cíos do lucht eagraithe go minic. Is deacair uaireanta teacht ar ghrúpa atá oilte chun é seo a dhéanamh trí Ghaeilge (féach thíos freisin 'Imeachtaí lasmuigh den scoil ar fad').

## Imeachtaí do Dhaoine Fásta sa Scoil féin

Cúnamh a thabhairt chun cumas Gaeilge na dtuistí a fheabhsú. Seo an réimse is mó a shamhlaítear le daoine fásta. Is claonadh an-nádúrtha é ag tuismitheoir féachaint le feabhas a chur ar a c(h)umas Gaeilge féin nuair a thosaíonn an páiste ar an ngaeloideachas.

– Ranganna Gaeilge istoíche nó i rith an lae. Bíonn leibhéil chumais éagsúla i gceist: tosaitheoirí, daoine le cumas idirmheánach nó daoine atá níos líofa. An rang Gaeilge do thuistí ceann de na tionscnaimh scoilphobail is coitianta dá bhfuil ann. Tá go leor oibre ag baint leis, agus mar sin is fiú cabhair a fháil uathusan a bhfuil spéis agus taithí faoi leith acu sa réimse seo – Gaelchultúr, Gael Linn, Conradh na Gaeilge, na hinstitiúidí Tríú Leibhéal, na Boird Oideachais, Eolaire Fhoras na Gaeilge, Gaeilge Locha Riach agus a lán eile.

  – Dianchúrsaí ag an Deireadh Seachtaine.
  – Pacáistí abairtí cuí do thuistí a dháileadh amach.
  – Deireadh Seachtaine sa Ghaeltacht.
  – Alt rialta nó Ceacht beag i Nuachtlitir na scoile don fhoghlaimeoir fásta.
  – Eolas a scaipeadh faoin TEG (Teastas Eorpach Gaeilge).
  – Ciorcail chomhrá (níos neamhfhoirmiúla ná rang).
  – Maidineacha caife.
  – 'Is leor beirt' – tionscnamh de chuid Chonradh na Gaeilge: daoine ag casadh ar a chéile i mbeirteanna.
  – Grúpa drámaíochta a léireodh dráma mar gur caitheamh aimsire é atá bunaithe go príomha ar an teanga labhartha.
  – Club leabhar chun léitheoireacht na Gaeilge a chur chun cinn.
  – Grúpaí sainspéise eile a d'fheidhmeodh trí Ghaeilge agus béim iontu ar an teanga labhartha – beiriste, etc.
  – Eolas faoi na himeachtaí seo a scaipeadh ar dhaoine fásta eile sa cheantar a mb'fhéidir go mbeadh suim acu iontu – tuismitheoirí an Naíonra, fógra i nótaí an nuachtáin áitiúil, etc.
  – Dea-shampla os comhair, agus i measc, tuismitheoirí – é seo a spreagadh trí dhea-shampla ón bhfoireann. Go hiondúil bíonn mír faoin nósmhaireacht seo i bpolasaí Gaeilge na scoile. Mar shampla, go mbeannaítear do gach tuismitheoir i rith an lae sa chlós, sna pasáistí, etc i nGaeilge.
  – Tuismitheoirí le líofacht sa Ghaeilge: iad a chur in aithne dá chéile agus deiseanna a bheith acu idirghníomhú leis na scoláirí (mar atá luaite thuas).

Ba cheart tuismitheoirí a spreagadh chun tacú le himeachtaí iar-am-scoile atá ann dá bpáistí. Is fiú a dtacaíocht a lorg d'iarrachtaí fiúntacha iar-am-scoile lán-Ghaeilge atá curtha ar bun dá scoláirí féin.

Is minic diminsean bailithe airgid a bheith ag baint le hócáidí oíche a mbíonn tuismitheoirí páirteach ann iontu agus bíonn gné shóisialta ag baint le gach ceann, a bheag nó a mhór. Is deis iad na hócáidí seo an oiread Gaeilge agus is féidir a úsáid.



## Tuismitheoirí agus Páistí le Chéile

De ghnáth bíonn an sprioc shóisialta chun tosaigh ar airgead a bhailiú nuair a bhíonn ócáid teaghlaigh á heagrú. Is fiú cabhair a fháil ó Chomhluadar sa réimse seo chun cuidiú le tuismitheoirí atá, b'fhéidir, ar bheagán Gaeilge, an Ghaeilge a choinneáil i lár an aonaigh ag imeachtaí teaghlaigh agus, b'fhéidir, gan aon bhall foirne scoile ann.

- Ócáidí sóisialta teaghlaigh – Aonach na Nollag, Picnic, Siúlóidí Eagraithe ag an Deireadh Seachtaine, Laethanta Spraoi.

- Ócáidí bailithe airgid (tuigtear anois gur in éineacht le daoine fásta a bhíonn ról ag scoláirí) – mar shampla, pacáil málaí in ollmhargadh.

## Imeachtaí Cásca/Samhraidh

- Campaí Cásca/Samhraidh ar láthair na scoile do gach aoisghrúpa nó campaí sainspéise dóibhsin atá níos sine.

- (Páirt-) Scoláireachtaí/Cúnamh/Spreagadh do Chúrsaí Gaeltachta/Coláistí Samhraidh go háirithe ag an iarbhunleibhéal. Ábhair mhargaíochta a scaipeadh ar na hardranganna má sheoltar chuig an scoil iad.

- Comórtais/Club leabhar samhraidh le cabhair ón leabharlann áitiúil. Rannóg faoi leith ag na leabhair Ghaeilge.

## Na Meáin Ghaeilge

Ba cheart tacaíocht a léiriú do na meáin chumarsáide Ghaeilge, trí nuachtáin a cheannach, trína chur ar shúile daoine, múinteoirí san áireamh, go bhfuil go leor suíomhanna gréasáin Gaeilge ann agus síntiúis a ghlacadh le hirisleabhair Ghaeilge. D'fhéadfaí obair bhaile, b'fhéidir, a bhunú ar chláir TG4 agus ba cheart stáisiúin Ghaeilge raidió a bheith réamhshocraithe ar bhusanna, san oifig, etc. má tá raidió i gceist ar chor ar bith.

## Suíomh gréasáin Gaelscoileanna Teo. - www.gaelscoileanna.ie

Is foinse chuimsitheach eolais í maidir le hócáidí, nuacht na scoileanna agus an Ghaeilge agus le haghaidh nuachtlitreacha náisiúnta, bunachar sonraí i dtaobh Turais Scoile agus go leor eile. Féach Aguisín B.

## Suíomh Gréasáin na Scoile, Nuachtlitreacha agus Cumarsáid

Níl aon teorainn leis na féidearthachtaí anseo lena chinntiú go bhfuil an Ghaeilge feiceálach, go bhfuil cuntas á choinneáil ar na himeachtaí scoilphobail ar fad. Tá an ghné seo thar a bheith tábhachtach. Tá tuilleadh treorach maidir le cúrsaí cumarsáide agus margaíochta ar fáil ón lámhleabhar margaíochta atá foilsithe ag Gaelscoileanna Teo. agus Forbairt Naíonraí Teo.

## Lasmuigh den Scoil ar fad

Imeachtaí scoilphobail á reáchtáil ag eagrais Ghaeilge nó ag dream áitiúil, daoine eile seachas foireann na scoile atá i gceist. Sa chás go bhfuil eagar ar phobal Gaeilge an cheantair ní mór, arís, tacú in aon slí is féidir. Má tá tathantóirí/ timirí/eagraithe/feighlithe/ éascaitheoirí oilte fostaithe ag eagras sa cheantar, arís, seasaimis leo ina gcuid oibre. Thaispeáin an suirbhé a ghabhann leis an treoirleabhar seo (Aguisín A) gurb é seo an t-easnamh is mó a d'aithin príomhoidí ach go háirithe ná ganntanas oibrithe oilte le dul i mbun oibre tar éis am scoile.

### – Imeachtaí don Óige

Is iondúil nach mbíonn ann ach Club Óige agus, molaimid, go mbeadh polasaí láidir tumoideachais acu. Beidh deis ó cheannasaíocht an Chlub/ na gClubanna an tseirbhís a mhíniú do na scoláirí agus do thuismitheoirí. Beidh eolas le scaipeadh. Uaireanta bíonn sainspéis faoi leith i gceist –drámaíocht amháin nó, i gcás déagóirí, cúram sóisialta mar shampla. Mar atá ráite thuas, cuidíonn polasaí láidir Gaeilge leis an bpiarbhrú Béarla a labhairt a laghdú.

### – Imeachtaí do Dhaoine Fásta

- Ranganna, féilte, turais, léachtaí agus go leor iarrachtaí eile a reáchtálann na heagrais Ghaeilge sa cheantar
- Féilte Gaeilge an cheantair, mar shampla Feis Ghaeilge Bhliantúil na nÓg.
- Comhoibriú idirscoile go háitiúil
- Fóraim agus Coistí áitiúla Gaeilge
- Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (NPC) a bhfuil fochoiste acu do thuismitheoirí na scoileanna lán-Ghaeilge.

## Diminsean Gaeilge in Imeachtaí an Mhórphobail

Ag mór-imeachtaí an phobail is maith an rud é an dátheangachas a bheith ag baint leo. Samplaí is ea an Tráchtaireacht ar Pharáid Lá 'Le Pádraig, Aifrinn/Seirbhísí Eaglasta nach don ghaelscoil amháin iad, Seachtain Mata/ Eolaíochtaí an mhórphobail, Na Bailte Slachtmhara, etc.

## Cúnamh ón taobh amuigh

- Is minic Eolaire Náisiúnta/Réigiúnach foilsithe ag Foras na Gaeilge, Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge agus dreamanna eile.
- Cuairteanna ó Oifigigh na nEagras Gaeilge. Is gá abhcóideacht a dhéanamh leo ag lorg seirbhíse do phobal na scoile. Chomh maith leis sin, tá tacaíocht na scoilphobal ag dul dóibh ina n-iarrachtaí imeachtaí Gaeilge slachtmhara a chur ar bun.
- Fóram áitiúil/Coiste áitiúil Gaeilge – Glór na nGael, Coistí Dúiche Chonradh na Gaeilge, An Clár as Gaeilge, Gaeilge Locha Riach, Gaillimh le Gaeilge agus go leor eile nach iad.

## 5.0 Críoch

Ní fheidhmíonn na bunscoileanna, na hiarbhunscoileanna agus na scoileanna Gaeltachta lán-Ghaeilge i bhfolús. Tá a scoilphobail féin acu ar fad. Cosúil le héiteas agus sainmheon na scoileanna, ní mór cúrsaí scoilphobail, agus an chaoi a bhfuil siad fite fuaite isteach leis an éiteas agus leis an sainmheon, a bheathú agus cúram a dhéanamh díobh. Leagadh amach thuas roinnt treoracha maidir le slite inar féidir tabhairt faoi pholasaí scoilphobail a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Tá freagrachtaí móra ar lucht ceannais na scoileanna agus, mar a deir go leor sa suirbhé a eagraíodh chun an treoirleabhar seo a chur le chéile, 'tá an iomarca ar an bpláta cheana féin'. Ní eagrú an ról a fheicimid do phríomhoidí agus do lucht ceannais ach éascú, tacú agus an dá rud i slí atá gníomhach seachas éighníomhach. Mura mbeirimid ar chúrsaí scoilphobail, béarfaidh siad orainn agus b'fhéidir nach róshásta a bheimis leis an tionchar ar shainmheon na scoile.

Iarraimid dhá ní eile ar lucht ceannais – abhcóideacht a dhéanamh ar son na ndaltaí leis na páirtithe leasmhara mar, go minic, ní bhíonn aon duine eile ag na daltaí le labhairt amach ar a son, leis na caighdeáin is airde a éileamh dóibh, dá muintir agus, dá réir, don mhórphobal ar fad. Dá bhrí sin, molaimid go mbeidh measúnú ar siúl de shíor le nach dtitfidh na caighdeáin. Bíodh 'cur le cumas cainte' agus 'úsáid na teanga' i lár an aonaigh mar chritéir agus cúrsaí scoilphobail á meas.

Próiseas atá sa treoirleabhar seo seachas saothar críochnaithe. Leanann éascú – tacú – abhcóideacht – measúnú ar aghaidh arís agus arís go héascú – tacú, etc. Anuas air sin, ní liosta iomlán uileghabhálach imeachtaí atá thuasluaite, ach tús le próiseas. Is éard atá ann ná roinnt dea-chleachtas a thug na scoileanna féin dúinn. Beifear ag cur leis agus mar a luadh sa Réamhrá, déanfar uasdátú ar an treoirleabhar seo go tráthrialta ar shuíomh gréasáin Gaelscoileanna Teo. (www.gaelscoileanna.ie). Tiocfaidh an tsamhlaíocht chun cinn agus ginfear go leor cleachtas nua agus roinnfear iad ar scoileanna ar fud fad na tire!





## Aguisín A:

## Torthaí Shuirbhé 2012

Leagtar amach thíos sampla de na freagraí. Dar ndóigh tá cuid mhór de na moltaí i dtaobh cúrsaí scoilphobail le fáil thuas sa cháipéis féin. Ba iad Príomhoidí, Múinteoirí agus Baill de Bhoird Bhainistíochta is mó a d'fhreagair an Suirbhé.

| Ceist | Freagraí | |
|---|---|---|
| An mbíonn deis agatsa Gaeilge a labhairt lasmuigh den scoil nó lasmuigh d'imeachtaí atá eagraithe ag an scoil? | 69.1% go mbíonn | 11.1% nach mbíonn |
| Cé lena labhraíonn tú? Cairde/Mo mhuintir/Daoine fásta nach mbaineann leis an scoil | 88.8% | |
| An mbreathnaíonn tú ar theilifís trí Ghaeilge? | 60% go rialta | |
| Cad air a mbreathnaíonn tú? | Nuacht, Spórt agus Cláir Faisnéise is mó | |
| An éisteann tú le Raidió trí Ghaeilge? | 53.8% go rialta | |
| Cén stáisiún lena n-éisteann tú gach lá? | 38.8% Raidió na Gaeltachta | |
| An eol duit aon duine a cheannaíonn an nuachtán seachtainiúil Gaeilge? | 30% roinnt daoine | 32.5% duine ar bith |
| An gceannaíonn tú féin an nuachtán seachtainiúil Gaeilge, fiú anois is arís? | 40% | |
| An léann tú ábhar i nGaeilge riamh, seachas don obair? | 45% go rialta | 48.8% beagán |
| An dtugann tú do chuid ama go deonach (gan aon íocaíocht) in eagras, nó ag gníomhaíocht éigin, trí mheán na Gaeilge, fiú uair sa bhliain? | 71.6% go dtugann | |
| Go háitiúil, maidir leis an Infrastructúr Gaeilge, cé chomh tábhachtach is atá siad seo a leanas:<br>- Plean Gaeilge don Bhaile/Cheantar<br>- Fóram Áitiúil Gaeilge (Coiste áitiúil/Contae ina mbeadh gach grúpa Gaeilge)<br>- Éascaitheoirí oilte Gaeilge i mbun oibre go háitiúil mar thaca don scoil<br>- Ionad (foirgneamh) Áitiúil Gaeilge | An-tábhachtach<br>57.6%<br>59.4%<br>67.6%<br>52.9% | |
| An dtugann/ar thug aon timire/eagraí/áisitheoir/ fhostaí/ghníomhaire de chuid Eagrais éigin Ghaeilge cuairt ar an scoil lena gcuid imeachtaí a chur chun cinn? | 10.8% go rialta<br>43.2% anois is arís | 13.5% nár thug riamh |
| An bhfuil aon eagras Gaeilge ag feidhmiú sa cheantar (scoilcheantar), go bhfios duit? | Tá 52.7%<br>Níl 23% | Níl a fhios agam 24.3% |

| Ceist | Freagraí | |
|---|---|---|
| Dar leat cé mhéid níos mó Gaeilge atá á labhairt sa cheantar (nach mbeadh ann mura mbeadh an scoil ann)? | 44.6% Cuid mhaith | 28.4% Beagán |
| Má tá níos mó Gaeilge á húsáid sa cheantar, cad iad na grúpaí/daoine/amanna/háiteanna óna/ina bhfuil Gaeilge le cloisteáil? | | |
| Múinteoirí le Scoláirí | 87.3% | |
| Múinteoirí/foireann na Scoile ina ngrúpaí féin sna hóstlanna/siopaí/gnóthaí áitiúla | 81.7% | |
| Tuismitheoirí áirithe – eatarthu féin | 78.9% | |
| Múinteoirí le hIarscoláirí | 76.1% | |
| Múinteoirí le Tuismitheoirí | 66.2% | |
| Ocáidí spóirt/Clubanna | 43.7% | |
| An úsáidtear tailte/foirgnimh na scoile d'imeachtaí trí Bhéarla do na páistí (mar nach bhfuil aon duine/ghrúpa ann chun iad a chur ar bun trí Ghaeilge nó ar aon chúis eile)? | 48.1% go n-usáidtear | 46.8% nach n-úsáidtear |
| An bhfuil polasaí tumoideachais lán-Ghaeilge i bhfeidhm ag na himeachtaí Gaeilge seo a eagraíonn daoine eile? | 50% go bhfuil | 50% 'uaireanta' nó níl |
| Cad é do thuiscint ar a bhfuil i gceist le 'Straitéis 20 Bliain Rialtas na hÉireann don Ghaeilge', i gcomhthéacs na gaelscolaíochta? | 38.7% nach bhfuil ach dada nó beagán ar eolas acu faoi | |
| An bhfuil baint ag an scoil le coiste Gaeilge ar bith go háitiúil? | Baint réasúnta 34% | Baint ar bith 18%<br>Beagán 24% |

## B. Tagairtí & Acmhainní

### Foinsí Leictreonacha:

Suíomh Gréasáin **Gaelscoileanna Teo.** - www.gaelscoileanna.ie:

Foilseacháin (Ár bPolasaí Gaeilge, etc.), Taighde, Staitisticí, An Traein (Aistriú ón Naíonra go Gaelscoil): www.gaelscoileanna.ie < Acmhainní

Smaointe d'Imeachtaí Idirscoile agus Turais Scoile: www.gaelscoileanna.ie < Pobal na Scoile

Scéalta an Scoilphobail ag dul siar go 2006: www.gaelscoileanna.ie < Nuacht

Deontais agus Campaí Samhraidh: www.gaelscoileanna.ie < Pobal na Scoile

Eagraíochtaí Gaeilge agus Gaelscolaíochta: www.gaelscoileanna.ie < Naisc

An Comórtas Idirscoileanna 'Scléip': www.gaelscoileanna.ie < Scléip

Critéir Pleanála Teanga (Meán Fómhair 2013): http://www.attorneygeneral.ie/esi/B30099.pdf.

Daonáirimh 2002, 2006, 2011: www.cso.ie.

Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030: http://www.ahg.gov.ie/ie/Straiteis20BliaindonGhaeilge2010-2030/Foilseachain/Straitéis%2020%20Bliain%20-%20Leagan%20Gaeilge.pdf.

Úsáid na Gaeilge i mBaile Locha Riach agus Féidearthachtaí chun an úsáid a leathnú (2009): http://www.aughty.org/pdf/suirbhe_lr_gaeilge.pdf.

## Leabhair agus Ailt:

Committee on Irish Language Attitudes Research (CILAR) (1975). Report. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Mac Gréil, M. (2011). 'The Irish Language' in Pluralism & Diversity in Ireland. Baile Átha Cliath: The Columba Press. Lgh. 397-436.

Ó Giollagáin, C., S. Mac Donnacha, F. Ní Chualáin, A. Ní Shéaghdha & M. O'Brien (2007). Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht (SCT): Tuarascáil Chríochnaitheach (Dlúthdhiosca). Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Ó Riagáin, P. & M. Ó Gliasáin (1984). The Irish Language in the Republic of Ireland 1983: preliminary report of a national survey. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.

Ó Riagáin, P. & M. Ó Gliasáin (1994). National Survey on Languages 1993: Preliminary Report. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.

**GAELSCOILEANNA TEO.**
Halla Naomh Pádraig, Institiúid Oideachais Marino,
Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath 9

**Guthán:** 01 853 5195
**Facs:** 01 853 5119
**Ríomhphost:** oifig@gaelscoileanna.ie
**Suíomh idirlín:** www.gaelscoileanna.ie



Gaelscoileanna

www.gaelscoileanna.ie